An Roinn Oideachais agus Scileanna

Department of Education and Skills

Meastóireacht Scoile Uile
TUAIRISC

Scoil Náisiúnta Cearn Mór
Uarán Mór, Co. na Gaillimhe
Uimhir rolla: 19828M

Dáta na cigireachta: 23 Márta 2015

AN ROINN OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA | DEPARTMENT OF EDUCATION AND SKILLS
INSPECTORATE

1. Réamhrá

Tá Scoil Náisiúnta Cearn Mór suite thart ar ocht gciliméadar soir ó thuaidh ó Chathair na Gaillimhe, i gceantar tuaithe a bhfuil aitheantas Gaeltachta aige. Cé nach gcloistear mórán Gaeilge sa cheantar a thuilleadh, tá pobal na scoile fós báúil don teanga. Tá naíonra lánGhaelach sa cheantar agus tá an scoil páirteach i *Scéim na gCúntóirí Teanga* a reáchtálann Muintearas thar ceann na Roinne Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta. Tá an scoil ag déanamh sár-iarrachta an Ghaeilge a chur chun cinn agus an curaclam a chur i láthair trí mheán na Gaeilge. Is é Easpag Caitliceach na Gaillimhe patrún na scoile. Tugadh deis do bhord bainistíochta na scoile ar a thuairim a léiriú ar thorthaí agus ar mholtaí na tuairisce i scríbhinn, agus beidh freagra an bhoird ar fáil san aguisín atá leis an tuairisc seo.

Rinneadh Meastóireacht Scoile Uile sa scoil i Mí Márta 2015. Ag uair na meastóireachta bhí 164 dalta sa scoil. Bhí príomhoide, seachtar oidí ranga, triúr oidí tacaíochta agus triúr cuntóirí riachtanas speisialta ar fhoireann lánaimseartha na scoile. Bhí oide tacaíochta eile, rúnaí agus airíoch fostaithe go páirtaimseartha. Ina theannta sin, bhí beirt chuntóirí riachtanas speisialta ag obair sa scoil faoin *Scéim Náisiúnta Intéirneachta, JobBridge*.

Dhírigh an mheastóireacht seo ar cháilíocht an teagaisc agus na foghlama sa Ghaeilge, sa Bhéarla, sa Mhatamaitic agus sa Tíreolaíocht.

2. Achoimre ar thátail agus moltaí d'fhorbairt bhreise

Is iad seo a leanas **príomh-láidreachtaí** obair na scoile:

- Tugann an bord bainistíochta go dáiríre faoi bhainistiú na scoile agus cabhraíonn an bord go mór le foireann na scoile oideachas ar ardchaighdeán a chur ar fáil sa scoil.
- Gníomhaíonn coiste na dtuismitheoirí go dúthrachtach chun tacú leis an soláthar sa scoil agus chun rannpháirtíocht na dtuismitheoirí i saol na scoile a spreagadh.
- Is inmholta an iarracht a dhéantar chun an curaclam a theagasc trí Ghaeilge agus chun é a idirdhealú go cuí do dhaltaí le deacrachtaí foghlama nó riachtanais speisialta.
- Baintear ardchaighdeáin amach sna ceithre ábhar curaclaim a breathnaíodh.

Tá na **príomh-mholtaí** seo a leanas á ndéanamh:

- Moltar don bhord bainistíochta an t-eolas atá le roinnt leis an bpobal scoile a aontú ag deireadh gach cruinnithe boird.
- Moltar an t-ábhar atá le múineadh ag gach rangleibhéal sa Ghaeilge agus sa Tíreolaíocht a shoiléiriú sa phlean scoile.
- Moltar straitéisí idirdhealaithe a chleachtadh go forleathan sa scoil chun scileanna litearthachta a chur chun cinn.

3. Cáilíocht bhainistíocht na scoile

- Tá toradh an-mhaith ar obair an bhoird bainistíochta. Eagraítear cruinnithe go rialta agus glacann baill aonair freagracht as tascanna difriúla a chur i gcrích. Ceaptar fochoistí i gcomhar le cumann na dtuismitheoirí nuair is cuí. Deimhnítear cuntais na scoile go bliantúil agus eisítear tuairisc bhliantúil ar fheidhmiú na scoile. Ar mhaithe le hoscailteacht agus trédhearcacht, moltar don bhord tuairisc aontaithe a chur ar fáil tar éis na gcruinnithe boird.

- Tá cáilíocht obair na foirne bainistíochta in-scoile go han-mhaith. Léiríonn an príomhoide tréithe láidre ceannaireachta agus tá fís shoiléir aige don scoil. Oibríonn sé go díograiseach chun an fhís sin a chur chun cinn agus chun ardchaighdeán soláthair a chinntiú i ngach gné d'obair na scoile. Comhlíonann sealbhóirí na bpost freagrachta a ndualgais go cumasach. Eagraítear cruinnithe go rialta agus ceaptar spriocanna cinnte oibre. Is inmholta mar a chomhoibríonn baill na foirne bainistíochta in-scoile le chéile agus leis na baill eile foirne chun na spriocanna sin a bhaint amach.

- Déantar acmhainní na scoile a bhainistiú go cúramach. Tá ardmholadh ag dul don bhord agus dóibh siúd uilig a bhí páirteach sna hiarrachtaí chun cóiríocht, áiseanna imeartha, fearas teicneolaíochta agus ábhair theagaisc ar ardcháilíocht a chur ar fáil. Solathraíonn an scoil timpeallacht foghlama atá fíorshlachtmhar agus tarraingteach. Tugtar aitheantas agus tacaíocht d'fhorbairt ghairmiúil na foirne agus féachtar i ndiaidh shábháilteacht na ndaltaí go coinsiasach. Roinntear na daltaí ó bhlian go bliain ar ranganna singil nó ar dhé-ranganna. Moltar gach iarracht a dhéanamh na daltaí a roinnt ar na ranganna ar bhealach cothrom, ag cur na rialachán maidir le cóimheas daltaí le hoidí san áireamh.

- Caitear an-dua le bainistíocht an chaidrimh agus na cumarsáide le pobal na scoile. Tá cumann na dtuismitheoirí an-ghníomhach agus casann cathaoirleach an chumainn leis an bpríomhoide ar bhonn rialta. Feidhmíonn raon straitéisí go héifeachtach chun lucht na dtuismitheoirí a choinneáil ar an eolas maidir le saol na scoile agus dul chun cinn a bpáistí. Mar nasc eile cumarsáide, b'fhiú d'ionadaithe na dtuismitheoirí ar an mbord bainistíochta freastal ar chruinnithe de choiste chumann na dtuismitheoirí. Cothaíonn an scoil caidrimh luachmhara freisin le heagrais áitiúla.

- Feidhmíonn an bord, na tuismitheoirí agus an fhoireann as láimh a chéile chun na daltaí a bhainistiú. Glacann an bord agus cumann na dtuismitheoirí ról láidir i gcur chun cinn fheachtas frithbhulaíochta na scoile. Eagraíonn an fhoireann teagaisc tionól seachtainiúil leis na daltaí chun iompar agus gnóthachtáil na ndaltaí a phlé. Léiríonn na daltaí cairdiúlacht, dea-bhéasaíocht agus meas ar a chéile, ar na hoidí agus ar an scoil.

- Tá ardmholadh tuillte ag an scoil as an dul chun cinn atá déanta le blianta beaga anuas maidir le rialacháin a bhaineann le Stadas Gaeltachta na Scoile a chomhlíonadh. Cleachtar an tumoideachas go rathúil sna bunranganna agus bíonn an-chuid den teagasc trí Ghaeilge sna ranganna eile. Is inmholta freisin go bhfuil roinnt beartas ar fáil sa dá theanga agus go gcuirtear ranganna Gaeilge ar fáil do na tuismitheoirí.

4. Cáilíocht na pleanála scoile agus na féinmheastóireachta scoile

- Tá cáilíocht an phróisis pheanála go maith. Bíonn an bord, oidí agus tuismitheoirí páirteach sa phróiseas. Déantar athbhreithniú córasach ar bheartais na scoile agus baintear leas thairbheach as suíomh idirlíne chun athruithe a chur in iúl do phobal na scoile. Ní mór a chinntiú go mbíonn ról ag an mbord agus ionchur ag na tuismitheoirí i bhforbairt na mbeartas curaclaim.

- Baineann an-eagar agus cuimsitheacht le cuid mhaith de phleanáil na n-oidí. Ba thairbheach, áfach, tionchar na dtéacsleabhar ar an bpleanáil ranga a laghdú. Moltar chuige sin an plean scoile a fhorbairt a thuilleadh ionas gurb é an plean scoile is mó a threoraíonn pleanáil, roghnú ábhair agus an cur chuige teagaisc, agus gur taca don teagasc iad na téacsleabhair. Caitear an-dua le cláir léinn aonair a leagan amach do dhaltaí le riachtanais speisialta. Moltar a chinntiú go ndéantar na spriocanna léinn a fhoirmliú i dtéarmaí fhoghlaim na ndaltaí agus go ndéantar gnóthachtáil reatha na ndaltaí a léiriú go soiléir mar bhunlíne do na cláir léinn.

- Tá tús maith curtha leis an bpróiseas féinmheastóireachta scoile. Tá tuairisc féinmheastóireachta agus plean feabhsúcháin don Ghaeilge curtha i bhfocal agus eisithe do phobal na scoile. Tá sé mar thosaíocht ag an mbord anois athbhreithniú a dhéanamh ar an mbeartas Gaeilge i bhfianaise na féinmheastóireachta. Moltar le linn na hathbhreithnithe réimse na teanga atá le múineadh ag gach rangleibhéal a shoiléiriú agus na riachtanais teanga sna hachair eile churaclaim a chur san áireamh. Tá an fhoireann ag díriú anois ar cháilíocht an teagaisc sa Mhatamaitic a mheas.

- Thug údaráis na scoile deimhniú go bhfuil glactha go foirmiúil ag an mbord bainistíochta leis na *Nósanna Imeachta maidir le Caomhnú Leanaí i mBunscoileanna agus i Scoileanna Iarbhunscoile*, gan athrú ná leasú, agus go bhfuil cleachtas na scoile ag teacht lena n-éilítear faoi *Nósanna Imeachta maidir le Caomhnú Leanaí i mBunscoileanna agus i Scoileanna Iarbhunscoile*.

5. Cáilíocht an teagaisc, na foghlama agus ghnóthachtáil na ndaltaí

- Tá cáilíocht an teagaisc agus na foghlama ar ardchaighdeán ar an iomlán. Glacann an príomhoide ról lárnach i gcur chun cinn straitéisí nua teagaisc agus foghlama. Tugtar aitheantas do láidreachtaí agus sainspéiseanna na n-oidí agus déantar éascaíocht dóibh foirní curaclaim a bhunú chun úsáid modhanna, straitéisí agus ábhar nua ar leith a fhiosrú, a thriail, a léirmheas agus a scaipeadh ar fud na scoile más cuí. I measc na dtionsnamh atá idir láimhe ag rangleibhéil dhifriúla, áirítear *Aistear: Creatchuraclam na Luath-Óige, Literacy Lift-Off*, *SCRATCH, Scríobh Leabhar* agus *Mata sa Rang.*

- Baintear leas thairbheach as raon leathan teicníochtaí measúnaithe chun gnóthachtáil na ndaltaí a mheas trasna an churaclaim. Tá samplaí breátha d'obair na ndaltaí ar taispeáint ar fud na scoile a léiríonn dea-chomhtháthú, scileanna maithe peannaireachta agus néatacht i leagan amach na hoibre. Ba thairbheach a thuilleadh deiseanna a thapú do na daltaí obair thionscadail a chur i láthair agus an teicneolaíocht a úsáid lena linn más cuí.

- Léiríonn na daltaí an-tuiscint ar an nGaeilge. Leagtar béim inmholta i go leor de na ranganna ar shaibhreas teanga agus ar chruinneas gramadaí a chothú. Gnóthaíonn formhór na ndaltaí scileanna maithe léitheoireachta. B'fhiú úsáid níos córasaí a bhaint anois as leabhair ghrádaithe agus as fíorleabhair chun freastal ar dhifríochtaí aonair. Cleachtar próiseas na scríbhneoireachta go han-éifeachtúil i ranganna áirithe ach b'fhiú na gníomhaíochtaí scríbhneoireachta a shaorú ó na téacsleabhair agus ó leabhair oibre i gcásanna eile. Moltar timpeallachtaí ranga a thacaíonn leis an scríbhneoireacht a chothú agus an scríbhneoireacht phearsanta a chleachtadh go rialta. Múintear raon cuí dánta agus amhrán i mórchuid na ranganna. Is inmholta go bhfoghlaimíonn na daltaí conas an fheadóg stáin a sheinm agus go mbíonn deis ag daltaí uirlisí eile dá gcuid féin a sheinm.

- English is taught effectively. Due emphasis is placed on developing oral communication skills. Pupils experience a suitable repertoire of poetry and recite poems in a very meaningful manner. Teachers use a structured approach to the teaching of phonics and pupils display firm knowledge of letter-sound relationships. Praiseworthy emphasis is placed on encouraging pupils to read with clarity and expression. The school is adopting a staged approach to the introduction of *Lift-Off to Literacy* and it is intended that this initiative will trigger the use of differentiated approaches throughout the school. Spelling is taught in a very systematic manner and there is evidence of very good progression in the quality of the pupils' writing as they proceed from class to class.

  Múintear an Béarla go héifeachtach. Leagtar béim chuí ar fhorbairt scileanna cumarsáide ó bhéal. Bíonn taithí ag na daltaí ar raon cuí filíochta agus aithrisíonn siad dánta go tuisceanach. Úsáidtear cur chuige céimnitheach i dteagasc na bhfónaicí agus léiríonn na daltaí tuiscint dhocht ar na coibhneasa idir fuaimeanna agus litreacha. Leagtar béim inmholta ar na daltaí a ghríosadh chun léamh le soiléireacht agus le brí. Tá cur chuige céimnitheach á thoghadh ag an scoil maidir le tús a chur le Lift-Off to Literacy agus tá sé i gceist go mbeidh an tionscnamh seo mar sprioc chun straitéisí idirdhealaithe a scaipeadh tríd an scoil. Múintear an litriú go córasach agus tá dul chun cinn suntasach le sonrú i gcáilíocht scríbhneoireacht na ndaltaí de réir mar a théann siad ó rang go rang.

- Tá rath ar an obair sa Mhatamaitic. Déantar iarracht choinsiasach tuiscint ar theanga na matamaitice a fhothú. Leagtar béim shuntasach ar úsáid láimhseoga agus mhodhanna gníomhacha agus fionnachtana. Tá ar chumas go leor de na daltaí ábhar na matamaitice a phlé go cruinn trí Ghaeilge. Léiríonn formhór na ndaltaí dea-thuiscint ar na coincheapa, gastacht san uimhreas agus muinín i mbun fadhbréitigh. Moltar a thuilleadh béime a leagan ar mhúineadh theanga na matamaitice agus ar na daltaí a threorú chun obair mhatamaiticiúil a chlárú go cruinn sna cóipleabhair. Cé go bhfuil raon leathan fearais ar fáil i stóras lárnach na scoile, b'fhiú a chinntiú go bhfuil a dhóthain láimhseoga a bhfuil tóir rialta orthu lonnaithe go buan sna seomraí ranga.

- Múintear an Tíreolaíocht go hinniúil. Eagraítear imeachtaí taitneamhacha agus spéisiúla, agus tugann na daltaí cuntas maith ar a bhfuil foghlamtha acu. Úsáidtear an teicneolaíocht go sciliúil chun an saol i dtíortha eile a chur faoi bhráid na ndaltaí agus is inmholta an obair thionscadail a dhéantar i ranganna áirithe. Chun tacú le topaicí a láimhseáil trí Ghaeilge, b'fhiú na príomhriachtanais teanga a shainiú agus tabhairt fúthu roimhré i gclár teagaisc na Gaeilge. B'fhiú freisin an clár tíreolaíochta a shoileiriú sa phlean scoile chun a chinntiú go ndéantar staidéar córasach ar an imshaol áitiúil agus ar thréithe uathúla de thír na hÉireann suas tríd an scoil.

6. Cáilíocht na tacaíochta do dhaltaí

- Tá beartas soiléir ag an scoil a threorann an soláthar do dhaltaí le deacrachtaí foghlama nó riachtanais speisialta. Feidhmíonn comhordaitheoir oideachais speisialta go díograiseach chun an soláthar a eagrú. Oibríonn oidí agus cuntóirí riachtanas speisialta go héifeachtach i gcomhar lena chéile chun freastal ar riachtanais na ndaltaí sna suímh dhifriúla. Leagtar béim chuí ar luathidirghabháil agus eagraítear idir aistarraingt agus tacaíocht inranga. Bíonn cruinnithe rialta ag an bhfoireann tacaíochta agus déantar monatóireacht chúramach ar dhul chun cinn na ndaltaí. Caitear go lách tuisceanach leis na daltaí agus céimnítear an teagaisc go hinniúil. Leagtar béim shuntasach ar fhéinmheas, ar fhéinmhuinín agus ar fhoghlaim neamhspéach a fhothú.

Foilsithe Meitheamh 2016

Aguisín

Freagra na Scoile ar an Tuairisc

Arna chur isteach ag an Bord Bainistíochta

Réimse 1: Tuairimí ar ábhar na tuairisce scoile

Cuirmid fáilte roimh thorthaí na Meastóireachta Scoile Uile a dheimhníonn an t-ardchaighdeán múinteoireachta agus foghlama atá againn i Scoil Náisiúnta Cearn Mór. Maraon le sin fáiltímid roimh an aitheantas ar dhíograis agus ar dhúthracht na foirne, an Bord Bainistíochta agus na dtuismitheoirí a chothaíonn an fhoghlaim i dtimpeallacht shona shábáilte. Tá an Bord buíoch de gur aithníodh an t-ardleibhéal sástachta a chuir na tuismitheoirí in iúl. Déanann an Bord comhghairdeas le foireann na scoile idir mhúinteoirí agus chuiditheoirí, le daltaí, tuismitheoirí agus pobal uile na scoile faoin sárthuairisc seo.

Réimse 2: Gníomhartha leantacha a rinneadh nó atá beartaithe le déanamh ó cuireadh críoch leis an ngníomhaíocht chigireachta chun tátail agus moltaí na cigireachta a chur I bhfeidhm

Glacann an Bord Bainistíochta le príomh-mholtaí na tuairisce. Mar sin i gcomthéacs an chultúir sheanbhunaithe atá againn sa scoil maidir le féinmheastóireacht agus feabhsúchán leanúnach tá sé i gceist againn na moltaí seo a ionramháil isteach inár bplean scoile agus déanfaimid ár ndícheall iad a chur i gcrích.